

Fuinneamh a shábháil agus tú ag taisteal



Is féidir le feithicil leictreach do chostais iompair a laghdú 70%.

Smaoinigh faoi...

Seo roinnt ceisteanna a chabhróidh le foireann do ranga smaoineamh faoin bhfuinneamh a úsáideann siad gach lá agus iad ag taisteal...

- 1. Nuair a théann tú ar scoil, chuig na siopaí, nuair a thugann tú cuairt ar chairde, nuair a ghlacann tú páirt sa spórt nó i gcaitheamh aimsire eile - conas a théann tú ann?*
- 2. Cé na saghsanna fuinnimh a úsáideann tú agus tú ag siúl, agus tú nó ag rothaíocht, agus tú ag taisteal i ngluaisteán nó i mbus?*
- 3. Cé na bealaí taistil a dhéanann níos lú dochar don chomhshaol?*

Scaoileann gluaisteáin le dé-ocsaíd charbóin nuair a dhóinn siad peitreal nó díosal. Is ceann de na gáis cheaptha teasa is cúis le hathrú aeráide í dé-ocsaíd charbóin. Is féidir leat fuinneamh a shábháil má roghnaíonn tú go siúlfaidh tú nó go rachaidh tú ar rothar, in ionad taisteal i ngluaisteán. Cuireann siúl agus rothaíocht feabhas ar do shláinte agus déanann siad níos lú dochair don chomhshaol. Is féidir le formhór daoine 1 chiliméadar a shiúl laistigh de 10 nóiméad. Úsáideann busanna agus traenacha fuinneamh, ach is féidir leo i bhfad níos mó daoine a iompar i gcomparáid le gluaisteán, agus is bealaí níos glaise é iompar poiblí chun taisteal a dhéanamh, mar sin.

Cad is féidir leatsa a dhéanamh?

- Do rang, do thuismitheoirí agus do chairde a spreagadh chun siúl, rothaíocht nó taisteal ar an mbus. Tá sé go hiontach do do shláinte!
- Eolas a chur ar fáil ar iompar poiblí i do cheantar, e.g. busanna, traenacha, an DART nó Luas.
- Oiliúint ar rothair a eagrú do do scoil.
- Feachtas a chur ar siúl chun páirceáil rothar agus taisceadáin do rothaithe a chur ar fáil.

- Clubanna siúil nó rothaíochta a eagrú chun taisteal go dtí an scoil, agus chun míniú a dhéanamh ar an bhfáth a bhfuil sé go maith don chomhshaol.
- Tuismitheoirí agus múinteoirí a spreagadh chun carr-roinnt a dhéanamh nó síob a roinnt.
- Daoine a spreagadh chun smaoineamh sula dtaistealaíonn siad ar eitleán, mar go gcruthaíonn sé a lán dé-ocsaíd charbóin. Is fiú taisteal ar bhád nó i dtraein, nó dul ar saoire in Éirinn.

Leideanna do Thiománaithe

- Má tá cúpla rud le déanamh agat, cosúil le siopadóireacht agus taisteal ar an scoil, déan iarracht iad a dhéanamh in aon turas amháin seachas an gluaisteán a úsáid faoi dhó.
- Déan iarracht chun taisteal ar bhóithre níos ciúine agus ná tiomáin i rith na mbuaicthráthanna tráchta, más féidir.
- Úsáidtear níos mó breosla nuair a thiomáintear ar ardluas (80 ciliméadar san uair agus go háirithe os cionn 100 ciliméadar san uair) agus déanann sé níos mó truaillithe. Déan iarracht tiomáint ar luasanna níos ísle.
- Is féidir le stíl tiomána, atá feasach ar fhuinneamh, breosla a shábháil, agus déanann sé níos lú dochair don chomhshaol agus sábhálann sé airgead.

Leideanna ar ghluaisteán nua a cheannach

- Má roghnaíonn tiománaithe gluaisteán atá níos breosla-éifeachtúla, is féidir leo airgead a shábháil ar bhreosla agus cáin bhóthair, agus níos lú dochair a dhéanamh don chomhshaol. Caithfidh lipéad astaíochtaí CO₂ a bheith ar taispeáint ar gach gluaisteán nua, faoi dhlí an Aontais Eorpaigh agus na hÉireann. Spreag daoine chun an lipéad a sheiceáil sula roghnaíonn siad gluaisteán nua.

Cén fáth nach smaoineofa ar Fheithicil Leictreach (FL)?

Baineann a lán tairbhí le feithicil leictreacha:

- Tá laghdú €10,000 ar an bpraghas ar fáil mar gheall ar dheontas ón SEAI agus ní ghearrtar aon Cháin Chláraithe Feithicil.
- Is féidir le gnáthfheithicil leictreach idir 100 ciliméadar agus 400 ciliméadar a thaisteal i ndiaidh í a luchtú. Bíonn 80% de na turais a dhéantar i ngluaisteán in Éirinn 20 ciliméadar nó níos giorra.

- Déantar an chuid is mó den luchtú d'fheithicil leictreach sa bhaile. Tá gréasán luchtaithe saor in aisce ar fud na tíre ar fáil: [Léarscáil de Phointí Luchtaithe do Ghluaisteáin Leictreacha](#).
- Cosnaíonn mótarcháin d'fheithicil leictreach €120 sa bhliain, agus is é sin an ráta is ísle de mhótarcháin atá ar fáil in Éirinn.

Eolas breise

Acmhainní do Mhúinteoirí agus Scoláirí

Láithreáin Ghréasáin

- Chun teacht ar a lán eolais agus físeán faoi thaisteal níos glaise, tabhair cuairt ar [Thaisteal na Scoileanna Glasa de chuid an Taisce](#)
- Cabhraíonn [an Pleanálaí Turais Náisiúnta](#) le daoine aistir a phleanáil trí úsáid a bhaint as iompar poiblí. Is féidir leat [Aip an Phleanálaí Turais Náisiúnta](#) a íoslódáil freisin.

Rothaíocht

- Tá a lán eolais ar láithreán gréasáin Sheachtain Náisiúnta na Rothar faoi rothair, sábháilteacht rothar agus imeachtaí Sheachtain Náisiúnta na Rothar <http://www.bikeweek.ie/>
- Grúpa neamhspleách deonach tacaíochta don rothaíocht is ea Feachtas Rothaíochta Bhaile Átha Cliath, a chuireann comhairle ar rothaíocht ar fáil <http://dublincycling.ie/>
- Cuireann Oilíúint Rothar Éireann (Cycle training Ireland) cúrsaí oiliúna agus cothabhála rothar ar fáil <http://www.cycletraining.ie/>

Feithicilí Leictreacha

- Déanann feithicilí leictreacha níos lú dochair don chomhshaol agus tá siad níos saoire le húsáid. Tabhair cuairt ar an mír 'Feithicilí Leictreacha' ar láithreán gréasáin an SEAI chun teacht ar níos mó eolais: <https://www.seai.ie/blog/electric-car-reviews-2018/index.xml>
- Láithreán gréasáin ghluaisteán leictreach BSL: <https://esb.ie/our-businesses/ecars/ecars-overview>
- Deontais d'fheithicilí leictreacha <https://www.seai.ie/grants/electric-vehicle-grants/>

Físeáin

- Eco Eye: Todhchaí an iompair https://www.youtube.com/watch?v=DQ4E0ic_XUk

- Físeáin faoi dhaoine atá ag taisteal ar an mbóthar ina ngluaisteáin leictreacha cheana féin
<https://www.youtube.com/watch?v=ORHrK9CxKa8>
- Conas mar atá sé gluaisteán leictreach a thiomáint?
<https://www.youtube.com/watch?v=eG138ZHbv3Q>

Acmhainní do Mhúinteoirí amháin

Úsáid na hacmhainní [Fuinneamh i nGníomh](#).

- [A4 Gnómhaíocht 4: Feithidí Leictreacha \(FLanna\) a fhiosrú](#)